Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7887/26**

**SOC 180**
**EMPL 82**
**ECOFIN 400**
**MI 307**
**EDUC 102**
**JEUN 47**
**ENV 303**
**ENER 155**
**DIGIT 86**
**TOUR 15**
**CULT 42**
**JAI 408**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 138 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>An t-athbhreithniú meántéarma ar an bplean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta: na príomhéachtaí agus an bealach chun tosaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 138 final.

Faoi iamh: COM(2026) 138 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.3.2026
COM(2026) 138 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

## An t-athbhreithniú meántéarma ar an bplean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta: na príomhéachtaí agus an bealach chun tosaigh

{SWD(2026) 94 final}

## 1. RÉAMHRÁ

Tá an geilleagar sóisialta tar éis é féin a bhunú go daingean mar dhlúthchuid de gheilleagar agus de shochaí na hEorpa, rud a chuireann go mór leis an rathúnas agus leis an iomaíochas agus atá ina cholún d'athléimneacht na hEorpa.

Ar fud an Aontais Eorpaigh (AE), saothraíonn **os cionn 4,3 milliún comhlachas, comharchumann, cumann comhshochair, fondúireacht agus fiontar sóisialta** gníomhaíochtaí lena dtugtar tús áite do chuspóirí sóisialta agus comhshaoil seachas brabús agus lena gcuirtear múnlaí rialachais rannpháirtíochta nó daonlathacha i bhfeidhm. Cuireann na heagraíochtaí sin **11,5 milliún post** ar a laghad ar fáil, is é sin thart ar **6,3 % den fhostaíocht iomlán**, agus oibríonn siad ar fud earnálacha éagsúla, ó sheirbhísí cúraim go hairgeadas, earnáil agraibhia, miondíol agus cultúr([1]).

An 9 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún **Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta**([2]) agus é mar aidhm aige leas a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair shóisialta agus a thionchar a mhéadú. Den chéad uair riamh, leag an Coimisiún amach fís agus treochlár, ina leagtar amach sraith beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chreatdálaí, ar rochtain ar dheiseanna gnó agus ar infheictheacht an gheilleagair shóisialta faoi 2030.

Ón tráth sin, tá athrú tagtha ar an staid gheopholaitiúil, agus léirigh sraith géarchéimeanna forluiteacha an chaoi a bhfeidhmíonn an geilleagar sóisialta mar **fhoinse athléimneachta**, a chruthaíonn agus a choinníonn poist áitiúla, a spreagann pobail de mheon dlúthpháirtíochta, agus gníomhú i gcás nach leor na margaí chun **fás cuimsitheach** a chur chun cinn. Cuidíonn sé le **réitigh éifeachtacha do dhaoine agus d'áiteanna** a dhéanamh de thosaíochtaí an Aontais, spreagann sé nuálaíocht shóisialta, cuireann sé le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ([3]) agus le hAontas an Chomhionannais, agus cuireann sé le geilleagar níos ciorclaí agus níos athléimní.

Trína gcur chuige ón mbun aníos atá ar leibhéal an phobail, **neartaíonn** eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta **an comhtháthú críochach** ar fud na gceantar uirbeach agus tuaithe, na réigiún is forimeallaí agus na réigiún teorann. Rannchuidíonn siad go díreach le **laghdú na bochtaineachta agus leis an gcuimsiú sóisialta**, go háirithe trí chonairí isteach san fhostaíocht a chruthú agus trí rochtain inacmhainne ar sheirbhísí a áirithiú. Trína chur ar a gcumas do dhaoine eagrú, páirt a ghlacadh iontu agus réitigh iad a chomhchruthú, déanann eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta **rannpháirtíocht saoránach** agus **an saol daonlathach** a leathnú agus a neartú.


An tráth céanna, tacaíonn an geilleagar sóisialta le **rathúnas agus iomaíochas na hEorpa**. Díríonn eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta an nuálaíocht i dtreo leas na sochaí, ag forbairt bealaí nua chun earraí agus seirbhísí a sholáthar lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shóisialta agus lena gcuirtear le cáilíocht saoil na hEorpa. Cothaíonn siad fiontraíocht, go háirithe i measc daoine óga agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste. Tugann siad na nuálaíochtaí sin chuig príomhearnálacha eacnamaíocha, amhail tithíocht agus an geilleagar ciorclach, lena gcuirtear samhlacha chun cinn a fhréamhaíonn luach go háitiúil.

Cuireann eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta **borradh faoin iomaíochas trí phoist dea-cháilíochta a chruthú, trí rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus trí rannchuidiú le comhionannas inscne agus le lucht saothair oilte**. Cuireann a bpríomhchuspóir sóisialta agus a rannpháirtíocht fostaithe sa chinnteoireacht fostaíocht

chobhsaí, páirteachas fostaithe agus oiliúint agus athsciliú leanúnach chun cinn. Fiontair shóisialta lánpháirtíochta oibre, mar shampla, comhcheanglaíonn siad fostaíocht le tacaíocht shaincheaptha chun daoine a thabhairt ar ais sa mhargadh saothair, ar daoine iad ag a bhfuil na scileanna agus an t-eolas is gá chun aistriú ón eisiamh go fostaíocht inbhuanaithe.

Neartaíonn an geilleagar sóisialta **ullmhacht agus uathriail straitéiseach** na hEorpa freisin, rud a chuireann le ceannasacht eacnamaíoch níos fearr trínár dtionscal, ár seirbhísí agus ár slabhraí luacha a dhéanamh níos láidre, níos éagsúla agus níos leabaithe laistigh de phobail áitiúla. Cuimsítear leis sin réitigh comhroinnte riosca amhail comhlachtaí frithpháirteacha lena gcuirtear cumhdach árachais inacmhainne ar fáil do theaghlaigh, do phobail agus do ghnólachtaí, agus comharchumainn lena gcuirtear tionscail níos glaine agus an t-aistriú glas chun cinn trí thionscnaimh fuinnimh pobail agus samhlacha gnó ciorclacha.

Tá taithí ag muintir na hEorpa ar bhreisluach an gheilleagair shóisialta ina saol laethúil, mar a léiríodh san Eorabharaiméadar Speisialta maidir leis an ngeilleagar sóisialta i saol mhuintir na hEorpa ([4]) a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025.




Leis an tuarascáil seo, comhlíontar an gealltanas a tugadh i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta athbhreithniú a dhéanamh ar a chur chun feidhme agus ar a thionchar leath bealaigh tríd, na dúshláin atá fós ann a shainaithint agus fís an Choimisiúin don gheilleagar sóisialta sa chomhthéacs geopholaitiúil nua a athdhearbhú.

Thairis sin, mar a luadh i dtuarascáil Letta *Much more than a market* [Margadh thar an gcoitiantacht] in 2024, ní mór bearta beartais breise a mheas chun acmhainneacht an gheilleagair shóisialta a bhaint amach ina hiomláine ([5]). Tá gá le bearta tacaíochta spriocdhírithe agus creataí cumasúcháin chun a múnlaí rialachais uathúla, a rialacha leithdháilte brabúis agus a gcineál bunaithe ar thionchar a chur san áireamh. I gcomhréir leis an nglao sin, féachtar chun cinn sa tuarascáil seo agus déantar scrúdú inti ar na cásanna inar cheart na huirlisí atá ann cheana a neartú agus na cásanna ina bhfuil gá le gníomhaíochtaí nua chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair shóisialta. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo, tugtar

tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas cur chun feidhme go dtí seo agus maidir leis na comhairliúcháin éagsúla a rinne an Coimisiún le páirtithe leasmhara.

## 2. Dul Chun Cinn agus Ceachtanna a foghlaimíodh le linn an chur chun feidhme

Tá Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta bunaithe ar thrí cholún agus tá 63 ghníomhaíocht ann. Tá an chuid is mó de na gníomhaíochtaí sin curtha i gcrích nó á gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi láthair, agus scoireadh de líon beag díobh nó rinneadh iad a atreorú i bhfianaise fianaise agus forbairtí sa mhargadh.

Leanann an roinn seo struchtúr an phlean gníomhaíochta ó 2021, agus á chur i dtábhacht na príomhéachtaí atá bainte amach agus ceachtanna a foghlaimíodh i gcásanna ina bhfuil dúshláin fós ann, rud a réitíonn an bealach do ghníomhaíochtaí nua.

### 2.1. An creat ceart a chruthú chun go mbeidh rath ar an ngeilleagar sóisialta

Ceann de na príomh-gharspriocanna go dtí seo ab ea glacadh **mholadh 2023 ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt** ([6]). Cuireann sé creat coiteann ar fáil do na Ballstáit chun an geilleagar sóisialta a chomhtháthú ina mbeartais agus bearta tacaíochta a chruthú chun timpeallacht fhabhrach a chothú d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta. Leis an gcreat sin, rinneadh athchóirithe náisiúnta a dhlisteanú agus cuireadh dlús leo. Idir 2021 agus deireadh 2025, **bhí straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha glactha ag 21 Bhallstát nó bhí straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha á n-ullmhú acu don gheilleagar sóisialta**. Thairis sin, bhí dlíthe an gheilleagair shóisialta glactha nó athchóirithe ag 12 Bhallstát, agus bhí sé sin á dhéanamh ag dhá Bhallstát. Is éabhlóid mhór é sin sa tírdhreach straitéiseach agus reachtach agus léiríonn sé an t-aitheantas méadaitheach ar an ngeilleagar sóisialta ar an leibhéal náisiúnta.

Tacaíodh le hiarrachtaí an Choimisiúin trí **mhóiminteam idirnáisiúnta atá ag dul i méid**. Rannchuidigh Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Coimisiún le rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus le conclúidí ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair maidir leis an ngeilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta, agus chuir obair an Choimisiúin bonn eolais faoi Mholadh ECFE maidir leis an ngeilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta agus nuálaíocht shóisialta.

Leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, deimhnítear an luach a bhaineann le comhfhís de chuid an Aontais mar aon le tacaíocht phraiticiúil do na Ballstáit. Dá bhrí sin, d'eagraigh an Coimisiún **ceardlanna foghlama frithpháirtí** ar thopaicí amhail Státchabhair, cánachas, straitéisí don gheilleagar sóisialta, soláthar agus sonraí poiblí atá freagrach go sóisialta. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ([9]), tugtar tacaíocht do chúig Bhallstát a straitéisí don gheilleagar sóisialta a dhearadh trí obair chomhoibríoch agus thírshonrach. Ina theannta sin, in 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá dhoiciméad inmheánacha oibre ina dtugtar tuairisc ar na creataí cánach atá ann cheana d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta ([7]) agus ar chánachas neamh-idirdhealaitheach ar eagraíochtaí carthanachta agus ar a ndeontóirí ([8]), lena mbunaítear bonn fianaise comhchoiteann agus pointe tagartha ar fud an Aontais.

Chun feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar eolas ar roghanna **Státchabhrach**, d'fhoilsigh an Coimisiún **staidéar maidir le beart Státchabhrach a chur i bhfeidhm chun tacú le rochtain fiontar sóisialta ar mhaoiniú agus le hearcú oibrithe faoi mhíbhuntáiste** ([9]). Cuirfidh torthaí an staidéir sin bonn eolais faoin

athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ([10]). Ina theannta sin, ó bhí mí Eanáir 2024 ann, is féidir le húdaráis phoiblí na huasteorainneacha cabhrach *de minimis* méadaithe dar luach EUR 300 000 ([11]) agus EUR 750 000 a chur i bhfeidhm thar aon tréimhse 3 bliana le haghaidh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ([12]). Thairis sin, is é is aidhm d'athbhreithniú 2025 ar na Seirbhísí ar mhaithe leis an Leas Eacnamaíoch Ginearálta[13]) é a dhéanamh níos éasca do na Ballstáit tacú le tógáil agus athchóiriú tithíochta inacmhainne, réimse ina bhfuil eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta gníomhach.

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá **acmhainneacht mhór neamhshaothraithe ann ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal bardasach**, áit arb iad na húdaráis is gaire don phobal agus do ghníomhaíochtaí eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta. Cé go bhfuil méadú tagtha ar thionscnaimh i roinnt mhaith réigiún agus bardas le blianta beaga anuas, tá an malartú eolais agus cleachtas eatarthu fós teoranta, go háirithe thar theorainneacha.

Thairis sin, cruthaíonn creataí dlíthiúla sriantacha éiginnteacht dhlíthiúil agus cruthaíonn siad bacainní chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta a thuilleadh. Is minic nach mbíonn acmhainn theicniúil ag údaráis phoiblí i réimsí amhail Státchabhair agus soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta. Mar shampla, léirítear sa mheastóireacht a rinneadh le déanaí ar na **Treoracha maidir le soláthar poiblí** ([14]) **leibhéil éagsúla aibíochta maidir le breithnithe sóisialta a chomhtháthú i gcleachtais soláthair phoiblí ar fud na mBallstát**. Is minic a bhíonn sé deacair ar údaráis chonarthacha cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí trédhearcachta agus éifeachtúlachta margaidh agus spriocanna beartais straitéiseacha agus tá coinne acu le treoraíocht shoiléir maidir le conas an chothromaíocht sin a bhaint amach.

| |
|---|
| ***I bhfócas: An geilleagar sóisialta agus ciorclaíocht*** |
| *Cuireann eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta go mór le haistriú na hEorpa chuig geilleagar ciorclach. Tá siad gníomhach ag gach céim de shaolré an táirge, ó dhearadh agus bailiú go deisiú, athúsáid agus athchúrsáil. Déanann siad acmhainní de dhramhaíl agus cruthaíonn siad poist dea-cháilíochta áitiúla lena linn, lena n-áirítear trí oiliúint agus fostaíocht a chur ar fáil do dhaoine atá i mbaol eisiaimh, i ndlúthchomhar le húdaráis phoiblí go minic. Léirítear i d**Tionscnamh na gCathracha agus na Réigiún Ciorclach**([15]) conas is féidir le straitéisí ciorclacha faoi stiúir na gcathracha agus na réigiún, amhail moil athúsáide agus deisiúcháin a fhaigheann tacaíocht phoiblí, scéimeanna tógála agus scartála ciorclacha, agus córais áitiúla athúsáide teicstílí, deiseanna a chruthú d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta réitigh chiorclacha chuimsitheacha a sholáthar, **lena n-áirítear trí sholáthar poiblí a úsáid chun éileamh a chruthú ar na seirbhísí sin trí chleachtais cheannaigh chiorclacha atá freagrach go sóisialta**. Rannchuidíonn a samhlacha gnó le síneadh a chur le saolré táirgí, le hastaíochtaí a laghdú agus le hábhair a choinneáil i gcúrsaíocht laistigh de phobail. Is é is aidhm don Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach atá le teacht margadh aonair a chruthú d'amhábhair thánaisteacha, soláthar ábhar ardcháilíochta athchúrsáilte a mhéadú, agus éileamh orthu a spreagadh san Aontas, ar réimsí iad uile ina bhfuil eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta in ann rannchuidiú leo go maith.* |

### 2.2. Deiseanna forbartha a chur ar fáil d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta

Chun deiseanna a chruthú d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta dul i mbun gnó agus fás, tá bearta tugtha isteach ag an gCoimisiún chun an t-éiceachóras a neartú, rochtain

níos láidre ar mhaoiniú a chur chun cinn, cistiú a shlógadh, agus fothú acmhainneachta agus tacaíocht ghnó a threisiú.

Tá méadú tagtha ar an rochtain atá ag eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta ar mhaoiniú. Ag cur le hionstraimí airgeadais um fhostaíocht agus nuálaíocht shóisialta, seoladh táirgí airgeadais faoi **réimse beartais na hinfheistíochta sóisialta agus scileanna** in 2022. Leithdháileadh thart ar EUR 1.2 billiún i ráthaíochtaí ar chomhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh micreamhaoiniú, fiontraíocht shóisialta agus infheistíocht tionchair shóisialta, dár thairbhigh thart ar 90 000 faighteoir tacaíochta micreamhaoiniúcháin agus thart ar 3 000 fiontar sóisialta, agus tá coinne ann go slógfar EUR 11,7 billiún in infheistíochtaí ([16]). Cuireann na hionstraimí sin rochtain ar mhaoiniú riosca ar fáil do shamhlacha gnó nach n-oireann go minic do phróifíl chaighdeánach riosca agus luaíochta, mar aon le seirbhísí forbartha gnó. Go dtí seo, rannchuidigh an tacaíocht sin cheana féin le thart ar 900 000 post a chruthú nó a choinneáil ar bun ar fud an Aontais agus léiríonn tuairisciú ó roinnt mórinstitiúidí micreamhaoiniúcháin rátaí marthanais an-ard, agus dul i dteagmháil leis na grúpaí is leochailí an tráth céanna ([17]).

Chun tionchar sóisialta na gcistí sin a mhéadú a thuilleadh, tá tacaíocht chumaisc á píolótú ag an gCoimisiún lena gcomhcheanglaítear ionstraimí airgeadais InvestEU le deontais faoin tsraith maidir le fostaíocht agus nuálaíocht shóisialta de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus ([18]) (CSE+). Thacaigh glaonna CSE+ freisin le margaí airgeadais shóisialta a fhorbairt trí rochtain níos fearr ar shonraí tionchair le haghaidh cinntí infheistíochta, costais idirbheart laghdaithe le haghaidh infheistíochtaí caipitil riosca i bhfiontair shóisialta, agus líonraí treisithe ar leibhéal an Aontais ar soláthraithe micreamhaoiniúcháin agus maoinithe fiontar sóisialta iad. An tráth céanna, tá ionstraimí airgeadais agus scéimeanna deontais tiomnaithe curtha chun feidhme ag roinnt Ballstát faoi CSE+ agus faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ([19]) agus cuireadh roinnt infheistíochtaí agus athchóirithe sonracha chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([20]). Ar an iomlán, faoi bhuiséad fadtéarmach reatha an Aontais (2021-2027), meastar go slógfar **méid iomlán os cionn EUR 1,62 billiún i ndeontais agus in ionstraimí airgeadais** sa bhreis ar an EUR 1,2 billiún i ráthaíochtaí dá dtagraítear thuas. Comhlíonann sé sin gealltanas an Choimisiúin leibhéal tacaíochta an Aontais a mhéadú i gcomparáid leis an tréimhse 2014-2020.

Chuidigh an Coimisiún freisin le heagraíochtaí an gheilleagair shóisialta gairmiúlú a dhéanamh, a réitigh a mhéadú agus a gcuid torthaí a léiriú. **Tá mol eolais dinimiciúil agus cúig phobal cleachtais forbartha ag an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí maidir le Nuálaíocht Shóisialta ([21])**. Sheol an Coimisiún glaonna CSE+ chun tacú le tástáil shóisialta, le haistriú nuálaíochtaí sóisialta a tástáladh, agus lena méadú ó scála, lena n-áirítear trí lárionaid náisiúnta inniúlachta um nuálaíocht shóisialta a bhunú. Forbraíodh uirlisí praiticiúla, amhail cód iompair chun sonraí a bhainistiú agus a úsáid sa gheilleagar sóisialta([22]) agus **treoraíocht maidir le cineálacha cur chuige comhréireach i leith tionchar sóisialta a thomhas agus a bhainistiú** ([23]). **Thug an tAcadamh Beartais Fiontraíochta don Aos Óg**, ar tionscnamh comhpháirteach ón gCoimisiún agus ó ECFE é, **lucht ceaptha beartas agus líonraí fiontraithe óga le chéile** trí shraith ceardlann maidir le beartas agus fothú acmhainneachta, arb é is aidhm dóibh beartais níos fearr a cheapadh d’fhiontraithe óga, lena n-áirítear fiontraithe sóisialta.

D'ainneoin an dul chun cinn sin, tá deacrachtaí níos mó fós ag eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta ná mar atá ag gnólachtaí príomhshrutha rochtain a fháil ar acmhainní airgeadais mar gheall ar a samhlacha gnó sonracha. Cé go léirítear i staidéir ar an margadh go bhfuil fás tagtha ar infheistíocht shóisialta phríobháideach le blianta beaga anuas ([24])([25]), tá muinín agus inchomparáideacht theoranta ag baint le heaspa cur chuige níos struchtúrtha agus níos intuigthe maidir le caipiteal (foighneach) a chur i dtreo cuspóirí sóisialta, mar aon le torthaí airgeadais ísle, rud a chuireann bac ar infheisteoirí sóisialta féideartha. Tá cineálacha cur chuige maoiniúcháin nuálach fós ilroinnte agus ar scála beag.

Lena chois sin, tá cumhdach agus aitheantas conairí soiléire oiliúna agus fothaithe acmhainneachta fós míchothrom ar fud na n-earnálacha agus na gcríoch. Tá naisc le córais oideachais agus oiliúna ilroinnte, agus is eisceacht i gcónaí iad cineálacha cur chuige curaclaim, creataí inniúlachta comhroinnte agus fianaise láidir maidir le fiontraíocht shóisialta agus chuimsitheach. Cé go bhfuil méadú tagtha ar sheirbhísí gorlainne agus luasghéaraithe le blianta beaga anuas, is annamh a thugtar tacaíocht shaincheaptha don fhiontraíocht shóisialta fós agus tá go leor grúpaí fós faoi ghannionadaíocht agus gan freastal ceart á dhéanamh orthu. Mar thoradh air sin, ní fhaigheann tallann agus samhlacha gnó sóisialta nuálacha an tacaíocht cheart i gcónaí chun go mbeidh rath orthu, agus ní bhaintear amach go hiomlán an acmhainneacht chun tionchar sóisialta níos láidre a bhaint amach.

### 2.3. Feabhas a chur ar an aitheantas a thugtar don gheilleagar sóisialta agus a acmhainneacht

Mhéadaigh an Coimisiún infheictheacht agus inchreidteacht an gheilleagair shóisialta trí bhealaí cumarsáide a bhunú leis an bpobal agus trí fheachtais feasachta a chur chun cinn. **Cuireann tairseach gheilleagar sóisialta an Aontais Eorpaigh ([26]) faisnéis cothrom le dáta ar fáil maidir le beartais, cistiú agus tionscnaimh an Aontais don gheilleagar sóisialta**. Ó seoladh é in 2023, mheall an suíomh gréasáin breis agus 596 000 cuairteoir([27]) agus cuireann sé ábhar úsáideach ar fáil do chleachtóirí an gheilleagair shóisialta agus do lucht ceaptha beartas.

Leathnaíodh bonn fianaise an Aontais maidir leis an ngeilleagar sóisialta le staidéar ina ndéantar tagarmharcáil ar fheidhmíocht shocheacnamaíoch an gheilleagair shóisialta ar fud na mBallstát ([28]). Léiríonn sé go ngineann an geilleagar sóisialta luach eacnamaíoch agus sóisialta araon, agus deimhníonn sé an breisluach a bhaineann le sonraí níos láidre agus níos comhchuibhithe chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí le himeacht ama. Leis an Eorabharaiméadar Speisialta maidir leis an ngeilleagar sóisialta i saol mhuintir na hEorpa, cuirtear an chéad bhonnlíne de chuid an Aontais ar fáil maidir le tuiscint, feasacht, rannpháirtíocht agus dearcthaí an phobail, lena n-áirítear tuairimí maidir le ról na gníomhaíochta poiblí. Le foilseachán ón gCoimisiún/ECFE *Social Economy in Europe: Contributing to Competitiveness and Prosperity* [An Geilleagar Sóisialta san Eoraip: Rannchuidiú le hIomaíochas agus Rathúnas] ([29]), comhdhlúthaíodh eolas a thuilleadh, lena n-áirítear eolas maidir le socruithe institiúideacha, cánachas agus tacaíocht ghnó don gheilleagar sóisialta i mBallstáit uile an Aontais, chomh maith le faisnéis earnála maidir le tithíocht agus cúram.

Mar sin féin, tá roinnt bearnaí fós ann, go háirithe maidir le hinchomparáideacht, mar gheall ar chumhdach agus modhanna míchothroma ar fud na mBallstát. Mar gheall ar an easpa bailiú córasach sonraí trí úsáid a bhaint as sainmhínithe comhchuibhithe, foinsí riaracháin agus uirlisí staidrimh leathnaithe, amhail cuntais satailíte, is deacair faireachán

a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cuirtear teorainn le hinfheictheacht phoiblí na dtorthaí. Cé gur chuidigh taighde agus comhar spriocdhírithe trí ghrúpaí saineolaithe leis an gcreat um bailiú sonraí agus anailís a chur chun cinn, tá gá le malartuithe níos leanúnaí chun bonn eolais níos fearr a chur faoi cheapadh beartas. Ar deireadh, d'fhéadfadh méadú teacht ar fheasacht ar thairseach gheilleagar sóisialta an Aontais Eorpaigh agus a húsáid, agus iarrann páirtithe leasmhara tuairisciú níos córasaí ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta.

## 3. AG FÉACHAINT CHUN CINN: GNÍOMHAÍOCHTAÍ NUA CHUN AN GEILLEAGAR SÓISIALTA A NEARTÚ

Ag féachaint chun cinn, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann maidir le héiceachóras gheilleagar sóisialta an Aontais a fhorbairt. Cé go bhfuil moladh 2023 ón gComhairle á chur chun feidhme, tá éagsúlacht mhór fós ann maidir leis an leibhéal tacaíochta don gheilleagar sóisialta i measc na mBallstát agus ar fud na leibhéal rialachais. Tá gá fós le tacaíocht spriocdhírithe ón Aontas chun go mbeidh bearta éifeachtacha ann mar thoradh ar straitéisí an gheilleagair shóisialta agus chun creat cobhsaí a chur ar fáil d'fhás eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta.

Dá bhrí sin, sa chéad chéim eile den chur chun feidhme, ba cheart tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena dtacaítear le riaracháin phoiblí agus lena gcuirtear ar a gcumas d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta oibriú sa mhargadh aonair gan bhacainní, rochtain ar thallann, ar oiliúint agus ar mhaoiniú a neartú, agus fianaise chórasach inchomparáide a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chinntí ceaptha beartas agus infheistíochta agus tionchar an gheilleagair shóisialta a léiriú.

Tá an fhís atá againn do na blianta amach romhainn soiléir:

- Teastaíonn **geilleagar sóisialta iomaíoch** uainn, a fheidhmíonn ar bhonn cothrom iomaíochta le gníomhaithe eacnamaíocha eile agus ar fud an mhargaidh aonair, agus a chuireann le timpeallacht ghnó dhinimiciúil lena soláthraítear rathúnas agus folláine inbhuanaithe do dhaoine agus do gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa. Ba cheart tacú leis sin le creataí comhtháite beartais agus dlíthiúla,
- Teastaíonn **geilleagar sóisialta láidir** uainn ina mbeidh rochtain ar mhaoiniú atá curtha in oiriúint dá riachtanais agus a chothófar trí chonairí aitheanta foghlama, gorlainne agus luasghéaraithe lena bhforbraítear tallann aonair agus acmhainneacht eagraíochtúil araon.
- Teastaíonn **geilleagar sóisialta aitheanta** uainn, a gcuireann fianaise agus infheictheacht láidir bonn taca faoi, rud a chuirfidh ar a chumas do lucht ceaptha beartas, do mhargaí agus don phobal a bhreisluach a aithint, agus ar an gcaoi sin a thionchar a mhéadú ar fud an Aontais.

Tá an fhís sin ailínithe go hiomlán leis an gcur chuige a leagtar amach i bplean gníomhaíochta 2021 agus sna trí cholún a ghabhann leis. Ag féachaint chun cinn, tá an tuarascáil seo bunaithe ar thrí thosaíocht agus ar chúig phríomhréimse gníomhaíochta, ag cur le torthaí na 63 ghníomhaíocht ó 2021 agus ag cur bearta nua leis a sainaithníodh tríd an athbhreithniú meántéarma seo. Feidhmeoidh sé mar thagairt chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh amach anseo ar an bplean gníomhaíochta.

**Ar deireadh, tá gá le hiarracht chomhpháirteach chun an fhís sin a bhaint amach.** Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt a chur chun feidhme go hiomlán agus na torthaí agus na gníomhaíochtaí nua a leagtar amach san athbhreithniú meántéarma seo a chur san áireamh agus a straitéisí agus a mbearta beartais á saothrú acu.

### 3.1. Creataí comhtháite le haghaidh geilleagar sóisialta iomaíoch

Na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó ina hiomláine, téann siad chun tairbhe don gheilleagar sóisialta trí bhacainní oibríochtúla a laghdú agus trí níos mó deiseanna fáis a chruthú. Tionscnaimh arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, an margadh aonair a dhoimhniú agus an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a chur chun cinn, is féidir leo cuidiú le heagraíochtaí an gheilleagair shóisialta a chomhtháthú i slabhraí luacha príomhshrutha, caipiteal príobháideach a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniú a neartú. Is féidir leis an simpliú na hualaí riaracháin díréireacha agus na costais comhlíontachta dhíréireacha a bhíonn ar eagraíochtaí beaga go minic a laghdú freisin.

Teastaíonn beartas comhtháite agus creataí dlíthiúla ón ngeilleagar sóisialta chun réitigh inbhuanaithe agus nuálacha a mhéadú agus a chur chun cinn. Nuair a bheidh na dálaí cearta i bhfeidhm, beidh rath ar eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta ar fud na n-earnálacha agus na gcríoch eacnamaíoch, lena gcuirfear poist dea-cháilíochta, táirgí agus seirbhísí ar fáil do gach duine san Aontas, lena n-áirítear iad siúd is leochailí. Dá bhrí sin, tá tábhacht ar leith ag baint le feabhas a chur ar na creatdálaí agus lena áirithiú go gcuirfear beartais chun feidhme in áiteanna a bhfuil siad tábhachtach, lena n-áirítear i réigiúin agus i mbardais.

***Príomhréimse gníomhaíochta 1: Rialachas il-leibhéil agus cur chun feidhme ar an láthair a neartú***

Tá ról lárnach ag na húdaráis náisiúnta maidir leis an gcreat straitéiseach agus dlíthiúil uileghabhálach don gheilleagar sóisialta a chur i bhfeidhm. Idir an dá linn, feidhmíonn údaráis réigiúnacha agus áitiúla mar dhroichead idir ceapadh beartas náisiúnta agus cur chun feidhme áitiúil go minic agus tá siad ríthábhachtach chun tosaíochtaí náisiúnta a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla. Is féidir leo tacaíocht a thabhairt d’eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta go díreach agus oibriú i gcomhar leo chun a gcuspóirí beartais a bhaint amach.

Le cur chuige níos comhordaithe agus níos eolasaí, chuirfí creat beartais níos soiléire agus níos éifeachtaí ar fáil do na húdaráis sin chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta agus chun a thionchar a uasmhéadú agus chun é a chur ar a gcumas d’eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta a rath agus a ndúshláin a chomhroinnt.

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **Sraith straitéisí a fhorbairt chun tacú le beartais réigiúnacha agus áitiúla an gheilleagair shóisialta**.
- Borradh a chur faoina chuid oibre le húdaráis phoiblí, le pobail agus líonraí páirtithe leasmhara chun malartú dea-chleachtas, tionscadail chomhpháirteacha agus bearta éifeachtacha don gheilleagar sóisialta a chur chun cinn ar fud na gcríoch, rud a thacóidh le hiarrachtaí náisiúnta agus a

chomhlánóidh iad. Tabharfar aird ar leith ar cheantair thuaithe i gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an Tuath ([30]), an chomhshocraithe um an tuath, agus na straitéise um athnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht ([31]).

- **Tuarascáil mheasúnaithe a fhoilsiú in 2028 ar chur chun feidhme an mholta ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt**.
- An geilleagar sóisialta a leabú sa chomhar seachtrach agus san idirphlé idirnáisiúnta trí **oiliúint shonrach, forbairt scileanna agus tacaíocht fiontraíochta sóisialta a chur ar fáil d'údaráis phoiblí** agus **tionscadail a chur in úsáid i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad**, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí (ionchasacha), amhail an Ciste Fiontraíochta Sóisialta atá le teacht do Chomharsanacht an Deiscirt, i gcomhréir le tosaíochtaí an Chomhshocraithe don Mheánmhuir ([32]).

***I bhfócas: An geilleagar sóisialta agus cultúr agus turasóireacht***

*Spreagann eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta beocht chultúrtha, nuálaíocht chruthaitheach agus turasóireacht inbhuanaithe na hEorpa. Tacaíonn siad leis na tionscail chultúir agus chruthaitheachta agus lena lucht saothair. Déanann siad an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a chur chun cinn, trí spásanna inrochtana a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht chultúrtha agus saol pobail i gcomharsanachtaí agus i gceantair thuaithe.*

*Sna tionscail chultúir agus chruthaitheachta, cuireann an geilleagar sóisialta tástáil, comhar agus úinéireacht chomhroinnte chun cinn i réimsí amhail na meáin agus na taibhealaíona, dearadh agus ceardaíocht. Sa turasóireacht, cuireann tionscnaimh faoi stiúir an phobail gníomhaíochtaí inbhuanaithe chun cinn lena gcosnaítear tírdhreacha, lena dtacaítear le gnólachtaí áitiúla agus lena n-áirithítear go bhfanfaidh na tairbhí laistigh den phobal.*

***Tríd an gcultúr, an chruthaitheacht agus an turasóireacht inbhuanaithe a nascadh, neartaíonn an geilleagar sóisialta an fhéiniúlacht chríochach, cumhachtaítear do phobail áitiúla agus déanann sé geilleagair áitiúla a éagsúlú, cruthaíonn sé poist agus rannchuidíonn sé le forbairt níos athléimní agus níos dírithe ar dhaoine ar réigiúin na hEorpa.*** *Tacóidh an Coimisiún le comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta chun samhlacha turasóireachta inbhuanaithe faoi stiúir an phobail a thástáil agus a mhéadú ar bhonn phrionsabail an gheilleagair shóisialta. Ina theannta sin, is é is aidhm do* **Straitéis an Aontais um Thurasóireacht Inbhuanaithe** *atá le teacht samhail turasóireachta iomaíoch, inbhuanaithe agus chuimsitheach a mhúnlú a thacaíonn le pobail áitiúla.*

***Príomhréimse gníomhaíochta 2: Rialacha agus creataí a chur ag obair chun leas an gheilleagair shóisialta***

Is féidir le húdaráis phoiblí an **soláthar poiblí** a úsáid mar uirlis straitéiseach chun seirbhísí poiblí ardcháilíochta a sholáthar agus cuspóirí sonracha beartais a shaothrú, amhail fostaíocht agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú, feabhas a chur ar inrochtaineacht agus dearadh cuimsitheach do chách, agus slabhraí soláthair freagracha a chruthú. I gcás eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, cruthaíonn an soláthar poiblí bealaí a chuireann feabhas ar an rochtain atá acu ar mhargaí agus a

chuireann ar a gcumas dóibh seirbhísí a sholáthar don phobal. Mar sin féin, léiríonn an fhianaise gurb iad cleachtais an phraghais is ísle an norm ceannasach i gcónaí, agus nach gcuirtear breithnithe sóisialta sa soláthar poiblí i bhfeidhm go córasach ná go comhsheasmhach.

Thairis sin, le **comhar le gnólachtaí príomhshrutha**, lena n-áirítear trí earraí agus seirbhísí a sholáthar, is féidir an geilleagar sóisialta a neartú agus cuidiú le gnólachtaí a spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Mar sin féin, is minic a bhíonn ról beag ag eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta i slabhraí soláthair mar gheall ar easpa comhthuisceana, bacainní cultúrtha agus oibríochtúla, agus tacaíocht straitéiseach neamhleor chun feabhas a chur ar rochtain ar an margadh agus slabhraí luacha earnála nua a fhorbairt.

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **Féachaint ar dheiseanna chun glacadh cleachtas soláthair phoiblí atá freagrach go sóisialta a chur chun cinn,** lena n-áirítear úsáid a bhaint as an gcóimheas is fearr idir praghas agus cáilíocht agus as cómhargáil, i gcomhthéacs an **athbhreithnithe leanúnaigh ar threoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí**, agus **treoraíocht** maidir lena gcur chun feidhme a chur san áireamh ina shraith straitéisí chun tacú le beartais réigiúnacha agus áitiúla an gheilleagair shóisialta.
- Comhtháthú níos córasaí eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta i slabhraí luacha gnólachtaí príomhshrutha a chur chun cinn trí, *inter alia*, **glao ar thograí a sheoladh chun comhpháirtíochtaí gnólacht le gnólacht a mhéadú**.

***I bhfócas: An geilleagar sóisialta agus fuinneamh***

*Tá ról ag an ngeilleagar sóisialta chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glas cóir agus cuimsitheach. Cuireann pobail fuinnimh agus tionscnaimh eile faoi stiúir na saoránach ar a gcumas do ghníomhaithe áitiúla úinéireacht agus bainistiú comhchoiteann a bheith acu ar shócmhainní fuinnimh in-athnuaite, ó fheirmeacha gréine agus gaoithe go córais téimh ceantair. Coinníonn na heagraíochtaí sin luach laistigh den phobal, cuireann siad ar a gcumas do na saoránach páirt ghníomhach a ghlacadh san aistriú agus d'fhéadfaidís cuidiú leis an mbochtaineacht fuinnimh a laghdú, mar shampla trí fheabhas a chur ar an rochtain atá ag grúpaí leochaileacha ar phraghsanna inacmhainne fuinnimh. D'fhéadfaidís deiseanna fostaíochta ardcháilíochta áitiúla a chruthú freisin i réimsí amhail suiteáil, cothabháil agus seirbhísí comhairleacha fuinnimh.*

*Chun an gníomhú ar son na haeráide a nascadh le tairbhe inbhraite phobail, tá sé ríthábhachtach gníomhaithe an gheilleagair shóisialta a aithint i bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, a rochtain ar eangacha agus ar mhaoiniú a éascú, agus iad a chur san áireamh i dtionscnaimh agus cláir chistiúcháin an Aontais agus i bpleananna arna maoiniú ag an Aontas agus arna mbainistiú ag na Ballstáit. Neartóidh an Coimisiún glacadh pobal fuinnimh trí mholadh ón gCoimisiún maidir le pobail fuinnimh agus uath-ídiú leictreachais, mar chuid de* ***Phacáiste Fuinnimh na Saoránach****. I measc nithe eile, cuirfidh an plean comhroinnt eolais chun cinn agus neartóidh sé an bonn fianaise maidir le pobail fuinnimh, lena n-áirítear neartú trí* ***thacú le pobal cleachtais tiomnaithe do cheannaitheoirí poiblí*** *agus trí na coinníollacha a shainaithint lena gcumasaítear tionscnaimh fuinnimh faoi stiúir na saoránach. Is féidir ról lárnach a*

*bheith ag údaráis áitiúla freisin mar chumasóirí na dtionscnamh sin agus tabharfar tacaíocht dóibh chun an acmhainneacht sin a bhaint amach.*

Is uirlis thábhachtach í an **státchabhair** freisin chun cuidiú le húdaráis phoiblí tacú leis an ngeilleagar sóisialta. Mar shampla, d'fhéadfadh teorainneacha a bheith ag baint le heagraíochtaí an gheilleagair shóisialta a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta agus sláinte maidir le rochtain a fháil ar thacaíocht mar gheall ar an spleáchas ollmhór ar an uasteorainn cabhrach *de minimis*, rud a chuireann ar a gcumas do na húdaráis phoiblí cabhair a sholáthar suas le tairseach áirithe gan fógra a thabhairt don Choimisiún fúithi. Cé gur féidir leis sin cuidiú le seirbhísí ar scála beag, tá deiseanna cistiúcháin níos substaintiúla ag teastáil ó sholáthraithe seirbhísí sóisialta atá i gcomhréir le spriocanna leas an phobail, ach meastar go bhfuil riosca dlíthiúil ag baint leo sin.

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **Oibriú ar athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine agus ar na rialacha ábhartha maidir le Státchabhair** a shoiléiriú chun é a dhéanamh níos simplí agus níos éasca d'údaráis phoiblí an geilleagar sóisialta a mhaoiniú thar chabhair *de minimis*. ([33])
- **Treoraíocht thiomnaithe a fhorbairt chun cúnamh a thabhair do na Ballstáit agus bearta Státchabhrach á ndearadh acu le haghaidh tacaíocht shóisialta agus infheistíocht shóisialta,** mar a fógraíodh sa teachtaireacht maidir leis an g*Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach I* ([34]).

Ar deireadh, chun borradh a chur faoi iomaíochas agus feidhmíocht eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta sa mhargadh aonair, tá gá le hiarrachtaí breise chun a áirithiú go gcuirfear creataí dlíthiúla agus fioscacha in oiriúint do ghnéithe sonracha shamhlacha gnó an gheilleagair shóisialta ar bhealach níos fearr.

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **Leanúint de chreataí dlíthiúla a chur chun cinn lena dtacaítear leis an ngeilleagar sóisialta**. Áirítear leis sin scéimeanna ceannaigh thar barr amach ag oibrithe a chur chun cinn tríd an moladh ón gCoimisiún maidir le haistrithe gnó a chur chun feidhme go rathúil.
- **Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le feabhas a chur ar chreataí dlíthiúla spriocdhírithe** i gcás inarb iomchuí, amhail an Reacht maidir le Comharchumann Eorpach.
- **Trí staidéar a dhéanamh, féachaint an bhfuil bacainní ar leith roimh ghnólachtaí atá dírithe ar thionchar** amhail aitheantas agus rochtain ar chistiú, arb é is aidhm dó bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht bheartais fhéideartha amach anseo chun tomhas agus cumarsáid a bhaineann leis an tionchar sochaí agus le hiompar gnó freagrach eile a éascú.
- **Grinnanailís a dhéanamh ar bhearta cánach náisiúnta maidir leis ngeilleagar sóisialta i gcomhar le ECFE**, lena n-áirítear beartais chánach lena ndreasaítear infheistíochtaí in eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta.

### 3.2. Infheistíocht, scileanna agus acmhainneacht le haghaidh geilleagar sóisialta láidir

Tá éiceachóras airgeadais dea-fheidhmiúil agus scileanna láidre agus cumas eagraíochtúil láidir ag teastáil i leith geilleagar sóisialta láidir. Tá sé fíor-riachtanach creataí níos

soiléire a dhearadh le haghaidh infheistíocht shóisialta agus scileanna, gorlann agus tacaíocht fiontraíochta a neartú, chomh maith le conairí foghlama tiomnaithe don fhiontraíocht shóisialta, chun cuidiú le heagraíochtaí an gheilleagair shóisialta tallann a mhealladh, fás, a bheith nuálach agus freagairt do riachtanais shóisialta phráinneacha.

***Príomhréimse gníomhaíochta 3: Éiceachóras na hinfheistíochta sóisialta a neartú***

Mar gheall ar éagsúlacht shamhlacha an gheilleagair shóisialta agus cineál dinimiciúil an tionchair shóisialta, ní féidir infheistíochtaí sóisialta a léiriú go héasca le sainmhínithe seasta ná le critéir aonfhoirmeacha. Mar sin féin, le teacht chun cinn pointí tagartha comhroinnte agus cleachtas tuairiscithe de réir a chéile, is féidir éiginnteacht a laghdú d'infheisteoirí agus d'idirghabhálaithe, feabhas a chur ar inchomparáideacht i gcás inar gá, agus cuidiú le costais idirbheart a rialú.

Chun feabhas a chur ar mhuinín agus inchomparáideacht agus chun gur féidir infheistíochtaí a dhíriú ar chuspóirí sóisialta ar scála, **déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **An creat le haghaidh infheistíocht shóisialta phríobháideach** a neartú trí na caighdeáin, na sainmhínithe tomhais, na coincheapa agus na modhanna is ábhartha a chomhdhlúthú agus a chórasú. **Chuige sin, féachfaidh sé, i gcomhar le ECFE, ar chreat deonach faoi stiúir an mhargaidh maidir le cuspóirí in-infheistithe a bhfuil samhlacha torthaí agus táscairí mar thaca leo**. Cuideoidh sé sin le hinfheisteoirí straitéisí infheistíochta a dhearadh, a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile go comhsheasmhach agus go solúbtha.
- **An t-athbhreithniú atá le teacht ar chóras na gCistí Caipitil Fiontair Eorpacha** [(35)] (EuVECA) a úsáid mar dheis chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chreata rialála d'infheisteoirí caipitil fiontair agus fáis. Rachaidh an dul chun cinn sa réimse seo chun tairbhe don infheistíocht tionchair shóisialta freisin, lena n-áirítear úsáideoirí lipéad an chiste fiontraíochta sóisialta Eorpaigh [(36)] (EuSEF).

Tá maoiniú ag teastáil i leith an gheilleagair shóisialta a léiríonn a mhúnlaí rialachais, a phróifílí riosca agus toraidh agus, go minic, a riachtanais ar scála beag. Bearnaí sa bhonn fianaise maidir le cé a mhaoiníonn an geilleagar sóisialta, oiriúnacht táirgí airgeadais agus an tionchar ar thairbhithe, cuireann siad srian ar dhearadh agus cur in úsáid ionstraimí airgeadais iomchuí agus a méadú ó scálú. Tá iasachtóirí traidisiúnta fós cúramach, níl idirghabhálaithe speisialaithe infheicthe sa mhargadh, cuireann costais arda idirbheart bac ar infheistíochtaí níos lú agus cuireann srianta ar rialacha athdháilte brabúis i bhfiontair shóisialta teorainn le hinfheistíochtaí cothromais. Agus an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile á ullmhú ag an Aontas, tá sé ríthábhachtach conairí maoinithe agus cúnaimh theicniúil a cheapadh lena gcuirfear ar a gcumas d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta rochtain a fháil ar mhaoiniú ar fud na gcríoch agus leas iomlán a bhaint as cistí agus ionstraimí an Aontais.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar mhaoiniú an gheilleagair shóisialta agus ionstraimí airgeadais a mhionchoigeartú, **déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas**:

- **Tuarascáil a ullmhú** faoi Mhol Comhairleach InvestEU **maidir le hidirghabhálaithe airgeadais** a fhreastalaíonn ar eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta agus ceann eile i gcomhar lena ghrúpa saineolaithe um an ngeilleagar

sóisialta agus fiontair shóisialta **maidir le feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú** d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta.

- **Measúnú ar thionchar agus ar thorthaí ionstraimí airgeadais InvestEU ar leibhéal an tairbhí a phíolótú le haghaidh micreamhaoiniú agus fiontar sóisialta**.
- **Féachaint an bhféadfaí réitigh nuálacha a mhacasamhlú chun caipiteal príobháideach a shlógadh**, mar shampla trí staidéar a sheoladh maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as sócmhainní díomhaoine chun ráthaíochtaí poiblí a chruthú agus lámhleabhar a fhoilsiú do bhainisteoirí sócmhainní agus do lucht ceaptha beartas maidir le samhail cistí 90-10 na Fraince a mhacasamhlú.
- **Athbhreithniú a dhéanamh ar Chód na hEorpa um Dhea-Iompar maidir le Soláthar Micreamhaoiniúcháin** ionas go leanfaidh an micreamhaoiniú de bheith ag freastal ar riachtanais fiontraithe atá faoi ghannionadaíocht agus daoine atá i staideanna leochaileacha. Beidh sé d'aidhm ag an gCód a thabharfar cothrom le dáta gné shóisialta an mhicreamhaoiniúcháin a neartú, an creat a ailíniú le réaltachtaí nua sa gheilleagar sóisialta agus deimhniú a dhéanamh níos inrochtana, níos éifeachtúla agus níos tacúla do shamhlacha institiúideacha éagsúla.

***I bhfócas: An geilleagar sóisialta agus tithíocht***

*Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta maidir le rochtain ar réitigh tithíochta inacmhainne, faoi stiúir an phobail agus atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta agus inrochtana a chur ar fáil agus a mhaoiniú. Is féidir le samhlacha amhail comhlachais tithíochta neamhbhrabúis nó brabúis theoranta, comharchumainn, fondúireachtaí agus iontaobhais talún pobail aonaid tithíochta a thógáil, a chur chun cinn, úinéireacht a bheith acu orthu nó iad a bhainistiú, barrachais á n-athinfheistiú agus é a chur ar a gcumas do chónaitheoirí páirt dhíreach a ghlacadh sa chaoi a rialaítear iad. Is féidir leis na heagraíochtaí sin cuidiú le ganntanais leanúnacha tithíochta agus luaineacht praghsanna a laghdú, rud a choinneoidh praghsanna inacmhainne san fhadtéarma. Is féidir leo comharsanachtaí cuimsitheacha a fhorbairt freisin trí thithíocht a chomhcheangal le deiseanna fostaíochta agus seirbhísí sóisialta agus pobail i gceantair thuaithe agus uirbeacha. Trí eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta a áireamh i straitéisí tithíochta, trí chuidiú leo bacainní teicniúla, rialála agus reachtacha a shárú agus trína rochtain ar mhaoiniú oiriúnach a éascú, d'fhéadfaí a chur ar a gcumas dóibh rannchuidiú níos mó leis an gceart chun tithíocht chuibhiúil, inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta a dhéanamh i ngach tír, go háirithe i limistéir atá faoi bhrú tithíochta agus i gcás grúpaí leochaileacha.* ***Leagtar amach sa Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne ([37]) creat cuimsitheach le haghaidh gníomhaíochta ar gach leibhéal agus deiseanna airgeadais i ndáil leis sin agus cuirtear i dtábhacht ann go n-éascóidh an Coimisiún infheistíochtaí i soláthraithe tithíochta neamhbhrabúis agus brabúis theoranta.***

***Príomhréimse gníomhaíochta 4: Scileanna, oiliúint agus fiontraíocht a mhéadú***

Ní mhúintear fiontraíocht shóisialta go córasach san oideachas foirmiúil, agus tá easpa rochtana fós ag go leor eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, go háirithe ag na céimeanna nuathionscanta agus méadaithe, ar fhorbairt scileanna saincheaptha agus ar thacaíocht eagraíochtúil. Tá tacaíocht d'fhiontraíocht chuimsitheach neamhréireach agus

is minic nach léiríonn sí samhlacha an gheilleagair shóisialta go leormhaith, go háirithe d'fhiontraithe ar mian leo a bheith ina bhfiontraithe agus is ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht iad a bhfuil bacainní ceilte rompu agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí, líonraí agus airgeadas gorlainne.

I gcomhréir leis an bhfís a leagtar amach in Aontas na Scileanna, **déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas**:

- **Samhlacha gorlainne gnó sóisialta agus cuimsitheacha a chur chun cinn trí ghlao tiomnaithe ar thograí, agus tacú le creataí inniúlachta aitheanta le haghaidh fiontraíocht shóisialta**, *inter alia* trí ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí.
- I gcomhar le ECFE**, feabhas a chur ar an mbonn eolais maidir le fiontraíocht shóisialta agus chuimsitheach** trí staidéir i dtaca leis an bhfiontraíocht shóisialta a chomhtháthú i gcuraclaim náisiúnta agus i gconairí foghlama náisiúnta, ról na fiontraíochta sóisialta maidir le NEETanna a ghníomhachtú agus obair a chur ar bhonn foirmiúil, agus trí eagrán nua de thuarascáil na bhFiontraithe atá ar Iarraidh.

***I bhfócas: An geilleagar sóisialta agus an claochlú digiteach***

*Tá réitigh dhigiteacha iontaofa chuimsitheacha á bhforbairt agus á n-úsáid ag eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta chun freastal ar leas an phobail agus an bhearna dhigiteach a laghdú. Fágann a struchtúir rialachais gur ceannródaithe idéalacha iad maidir le maoirseacht fhreagrach sonraí, ó chomharchumainn ardán digiteach go cuideachtaí teicneolaíochta sóisialta a chuireann inrochtaineacht, cúram agus oideachas chun cinn. Caitheann siad le sonraí mar acmhainn chomhroinnte, rud a áirithíonn go mbailítear, úsáidtear agus bainistítear faisnéis ar bhealach a urramaíonn príobháideachas, cearta bunúsacha, trédhearcacht agus leasanna an phobail. Thairis sin,* ***cuidíonn eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta le hoibrithe agus le tairbhithe a gcumais agus a scileanna digiteacha a fhorbairt, rud a chuireann éiceachóras digiteach chun cinn ina gcuireann an teicneolaíocht feabhas ar chomhtháthú sóisialta agus ar iomaíochas araon****. Neartóidh an Coimisiún an bonn fianaise maidir leis an digitiú agus an intleacht shaorga sa gheilleagar sóisialta chun tacú le glacadh teicneolaíochtaí iontaofa, inrochtana agus cuimsitheacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte, agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar a n-impleachtaí do na heagraíochtaí agus dá lucht saothair.*

### 3.3. Fianaise, infheictheacht agus eolas le haghaidh geilleagar sóisialta aitheanta

Chun go n-aithneofar an geilleagar sóisialta ar fud an Aontais agus meas a bheith air, tá gá le bonn fianaise níos láidre agus staidreamh níos inrochtana agus níos inchomparáide ar fud na mBallstát. Thairis sin, tá gá le faisnéis shoiléir inrochtana, sonraí díchomhiomlánaithe agus cumarsáid tráthrialta, chomh maith le dul isteach pointe aonair ar acmhainní an Aontais i leith ceapadh beartas sonraíbhunaithe chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta.

***Príomhréimse gníomhaíochta 5: Bonn fianaise an gheilleagair shóisialta a fhorbairt***

Faoi láthair, tá sonraí maidir leis an ngeilleagar sóisialta ilroinnte, agus modheolaíochtaí éagsúla ann lena gcuirtear teorainn le cumas lucht ceaptha beartas bearta éifeachtacha a

cheapadh, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tionchar a léiriú. Trí staidreamh a leathnú agus dul i dtreo cur chuige níos córasaí maidir le bailiú sonraí, cuideofar le coincheapa a ailíniú, feabhas a chur ar cheapadh agus spriocdhíriú beartas, agus a chur i dtábhacht rannchuidiú an gheilleagair shóisialta le geilleagar iomaíoch cuimsitheach do chinnteoirí, do mhargaí agus don phobal.

**Chun sonraí agus eolas staidrimh a leathnú agus a chur chun cinn agus bonn fianaise an gheilleagair shóisialta a fhorbairt, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **Oibriú i dtreo cur chuige níos córasaí maidir le bailiú sonraí**, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit cuntais satailíte an gheilleagair shóisialta a fhorbairt, chomh maith le treoirthionscadail náisiúnta a chistiú chun sonraí an gheilleagair shóisialta a bhailiú trí na cláir ghnó staidrimh náisiúnta agus trí Shuirbhéanna ar Struchtúr Tuillimh, agus úsáid á baint as foinsí riaracháin nuair is féidir chun ualaí breise tuairiscithe a sheachaint.
- **Tairseach gheilleagar sóisialta an Aontais Eorpaigh a leathnú chun feabhas a chur ar chomhroinnt sonraí agus trédhearcacht a mhéadú,** lena gcuirfear rochtain chuíchóirithe ar fáil ar fhoilseacháin, ar thacair sonraí, ar mhodheolaíochtaí agus ar thairseacha náisiúnta.
- **Mapáil an Aontais ar fhiontair shóisialta a thabhairt cothrom le dáta** ([38]).
- Tuarascáil a fhoilsiú ón ngrúpa saineolaithe um an ngeilleagar sóisialta agus fiontair shóisialta ina mbeidh moltaí praiticiúla maidir le sonraí a bhailiú faoin ngeilleagar sóisialta.

***I bhfócas: An geilleagar sóisialta agus daonlathas***

*De réir an Eorabharaiméadair Speisialta maidir leis an ngeilleagar sóisialta i saol mhuintir na hEorpa, tá obair dheonach déanta ag 18 % de mhuintir na hEorpa le 5 bliana anuas le haghaidh eagraíocht de chuid an gheilleagair shóisialta agus tá 13 % ina mbaill.* ***Mar sin féin, tá an fheasacht ar choincheap an gheilleagair shóisialta measartha agus tá éagsúlacht mhór ann idir na Ballstáit.*** *Rannchuidíonn eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta le sochaí níos daonlathaí agus iad ag díriú ar rannpháirtíocht saoránach, ar réiteach fadhbanna pobail agus ar rialachas rannpháirteach. Feidhmíonn siad mar 'scoileanna daonlathais' go minic, rud a chuireann trédhearcacht, cuntasacht agus muinín i bpróisis chinnteoireachta chun cinn. Dá bhrí sin, is féidir leis an ngeilleagar sóisialta rannchuidiú le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais maidir leis an daonlathas agus an rannpháirtíocht saoránach agus tairbhe a bhaint astu, amhail an* ***Sciath Eorpach don Daonlathas*** *([39]). Is féidir le geilleagar sóisialta láidir rannchuidiú le spás sibhialta bríomhar freisin trí acmhainneacht, infheictheacht agus comhar trasteorann na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta a neartú. I gcomhréir le* ***Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta*** *([40]), tá bearta á ndéanamh ag an gCoimisiún chun timpeallachtaí níos tacúla a chruthú do na heagraíochtaí sin, ar cuid den gheilleagar sóisialta go leor acu, lena n-áirítear bearta chun cánachas cothrom a áirithiú d'eagraíochtaí carthanachta agus rochtain ar sheirbhísí airgeadais a choimirciú.*

## 4. CONCLÚID: CLÁR OIBRE ATHNUAITE LE HAGHAIDH GEILLEAGAR SÓISIALTA NÍOS LÁIDRE

Ó glacadh é in 2021, tá Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta tar éis fuinneamh nua a chur isteach sa gheilleagar sóisialta ar fud na hEorpa. Cuireadh creat comhleanúnach de chuid an Aontais ar fáil leis, eagraíodh raon leathan ionstraimí agus clár, agus cuireadh próifíl an gheilleagair shóisialta chun cinn i gcláir oibre náisiúnta agus i gcláir oibre an Aontais. Tá dul chun cinn inbhraite déanta cheana féin mar thoradh ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta agus mholadh 2023 ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt. Tá straitéisí, creataí dlíthiúla agus sruthanna maoinithe á bhforbairt ag níos mó Ballstát. Tá struchtúir nua tacaíochta ag teacht chun cinn, agus tá údaráis phoiblí, gníomhaithe airgeadais agus an pobal ag éirí níos feasaí faoin ngeilleagar sóisialta. Léiríonn an dul chun cinn sin ábharthacht an phlean gníomhaíochta agus deimhnítear leis gur féidir le gníomhaíocht spriocdhírithe an Aontais tairbhí inbhraite a bhaint amach d’eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta agus do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu.

Mar sin féin, tá bearnaí agus dúshláin mhóra fós ann. Ní aithnítear ná ní thacaítear go comhsheasmhach leis an ngeilleagar sóisialta ar fud na mBallstát agus na réigiún. Tá éiginnteacht dhlíthiúil fós roimh go leor eagraíochtaí agus tá deacrachtaí acu rochtain a fháil ar oiliúint, ar mhargaí agus ar airgeadas. Níl acmhainneacht an gheilleagair shóisialta comhtháite go leordhóthanach i mbeartais phríomhshrutha go fóill. Cruthaíonn sé sin éagothroime iomaíochta, rud atá níos measa mar gheall ar a shamhail ghnó ar leith. Chun a áirithiú go mbeidh rath ar an ngeilleagar sóisialta ar fud na gcríoch agus na n-earnálacha, ní mór tús áite a thabhairt do na bearnaí sin a dhúnadh sa chéad chéim eile de chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta.

Féachfaidh an Coimisiún leis an ngeilleagar sóisialta a chomhtháthú a thuilleadh i mbeartais agus i gcláir de chuid an Aontais. Chuige sin, iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle, ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ar Choiste Eorpach na Réigiún, ar Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais oibriú i gcomhar le chéile chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an chláir oibre sin.

Tá sé fíor-riachtanach faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme. Chuige sin, **coinneoidh an Coimisiún cur chuige comhordaithe comhtháite ar bun maidir leis an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air**. Le tairseach gheilleagar sóisialta an Aontais Eorpaigh, cuirfear nuashonruithe tráthrialta ar fáil maidir leis an bpróiseas cur chun feidhme. Ina theannta sin, i gcomhréir le moladh 2023 ón gComhairle, moltar do na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta in 2027 agus 2032. Beidh an grúpa saineolaithe um an ngeilleagar sóisialta agus fiontair shóisialta fós ina phríomhardán don idirphlé, don phiarfhoghlaim agus don chomhchruthú.

Trí chumhacht iomlán an gheilleagair shóisialta a scaoileadh, is féidir linn Eoraip a mhúnlú a chuireann pobail agus an pláinéad ina croílár, rud a réiteoidh an bealach do thodhchaí níos córa, níos inbhuanaithe agus níos iomaíche.

---

([1]) ‘*Benchmarking the socio-economic knowledge of the proximity and social economy ecosystem* [Tagarmharcáil an eolais shocheacnamaíoch ar éiceachóras na gaireachta agus an gheilleagair shóisialta]’, 2024.

(2) COM(2021) 778.

(3) IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

(4) '*Social economy in the life of Europeans – Eurobarometer report* [An geilleagar sóisialta i saol mhuintir na hEorpa – Tuarascáil Eorabharaiméadair]', 2025.

(5) '*Much more than a market:Speed, Security, Solidarity– Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens* [Margadh Thar an gCoitiantacht – Luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht – An Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach le haghaidh shaoránaigh uile an Aontais] ', 2024.

(6) IO C, C/2023/1344.

(7) SWD(2023) 211.

(8) SWD(2023) 212.

(9) ' *Study on State aid for access to finance for social enterprises and for the recruitment of disadvantaged workers in the form of wage subsidies* [Staidéar ar Státcabhair maidir le rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair shóisialta agus maidir le hoibrithe faoi mhíbhuntáiste a earcú i bhfoirm fóirdheontais]', 2024.

(10) Rialachán (AE) Uimh 651/2014 ón gCoimisiún.

(11) Rialachán (AE) Uimh 2023/2831 ón gCoimisiún.

(12) Rialachán (AE 2023/2832 ón gCoimisiún.

(13) Cinneadh (AE) 2025/2630 ón gCoimisiún.

(14) SWD(2025) 333.

(15) Féach https://circular-cities-and-regions.ec.europa.eu/

(16) Tá na méideanna sin neasach, toisc nach féidir na méideanna a leithdháiltear agus an infheistíocht a shlógtar ar bhonn oibríochtaí formheasta InvestEU a dheighilt go beacht sna cásanna uile.

(17) Léiríonn ADIE, príomhinstitiúidí micreamhaoiniúcháin na Fraince a bhfuil beagnach 100 000 cliant gníomhach acu, lena n-áirítear aon trian díobh a fhaigheann sochair slándála sóisialta íosta, an cúigiú cuid díobh gan dioplóma, go bhfuil 93 % de chliaint fós gníomhach go gairmiúil 2 go 3 bliana tar éis dóibh iasacht a fháil agus go bhfuil 82 % de na gnólachtaí a cruthaíodh fós i mbun gnó (2025, Etude Impact Adie ZRR).

(18) Rialachán (AE) 2021/1057.

(19) Rialachán (AE) 2021/1058.

(20) Rialachán (AE) 2021/241.

(21) See https://socialinnovationplus.eu/

(22) Le fáil ag https://link.europa.eu/jpJ6xv

(23) 'Policy Guide on Social Impact Measurement for the Social and Solidarity Economy', 2023.

(24) Impact Europe, 'The Size of Impact: Main takeaways from the European impact investing market sizing exercise', an 28 Samhain 2024.

(25) European Microfinance Network and Microfinance Centre, 'Survey on Microfinance in Europe – 2025 edition', 2026.

(26) Le fáil ag: https://social-economy-gateway.ec.europa.eu/

(27) Sonraí ón 31 Eanáir 2026.

(28) '*Benchmarking the socio-economic knowledge of the proximity and social economy ecosystem* [Tagarmharcáil an eolais shocheacnamaíoch ar éiceachóras na gaireachta agus an gheilleagair shóisialta]', 2024.

(29) '*Social economy in Europe – Contributing to competitiveness and prosperity* [An Geilleagar Sóisialta san Eoraip – Rannchuidiú le hiomaíochas agus rathúnas]', 2025.

(30) COM(2021) 345.

(31) COM(2025) 872.

(32) JOIN(2025) 26.

(33) Tá tús curtha ag an gCoimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine agus déanfaidh sé measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart é a thabhairt cothrom le dáta agus ar an gcaoi ar cheart é a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear na rialacha maidir le cabhair d'fhiontair shóisialta, oiliúint agus fostaíocht agus oibrithe faoi mhíbhuntáiste a earcú.

(34) COM(2025) 378.

(35) Rialachán (AE) Uimh. 345/2013.

(36) Rialachán (AE) Uimh. 346/2013.

(37) COM(2025) 1025.

(38) Tá an mapáil is déanaí ar fáil ag https://link.europa.eu/Wn7Nmq

(39) JOIN(2025) 791.

(40) COM(2025) 790.